

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

San iris seo, go hiondúil, seachnaítear a lán plé faoin teanga. Seachnaítear an chonspóid. Ní bhíonn fonn troda orainn.

Bíodh sin mar atá...

Táid ann gur breá leo an troid agus an chonspóid. Tá traidisiún láidir againn, gan troid fhiúntach a sheachaint. Dar le daoine áirithe, dá fhuiltí an cath, is amhlaidh gur fearr é. Ar pár, ar a laghad.

Thaitin líne amháin go háirithe liom i ndán de chuid Philip Cummings, agus is ansin a tháinig mé ar theidil an eagrán seo. Agus mar is iondúil, bhí mé ag déanamh mo mhachnaimh ar conas gach rud san eagrán a nascadh le téama an eagarfhocail. Rud nach ndearna mé roimhe seo, chuir mé an focal ‘fuilteach’ san inneall cuardach agus fuair mé *Pota Focal*, agus an chéad shampla a bhí ann, ba as alt in Beo! (Bealtaine 2010) a scríobh Bearnáí Ó Doibhlin é, alt faoi Lá Anzac agus an cath a tharla sa chéad chogadh domhanda i nGallipoli na Tuirce. Seo an sliocht sin:

“Rinne ceannasaithe fhórsaí na gComhghuaillithe botúin mhíleata go leor roimh an bhfeachtas agus lena linn agus, tar éis leamsháinn fuilteach fánach, b’éigean dóibh a gcuid fórsaí a aistharraingt gan aon sprioc gnóthaithe acu.”

Agus go díreach, “thit an phingin”. Sin an ceangal le colún Ghearóid Uí Cheallaigh, agus feachtas na Gaeilge in Éirinn. Bain an focal ‘míleata’ amach as an abairt thuas, agus oireann gach focal eile. Go dtí an bponc seo, de réir dealraimh, is ionann an cur síos sin ar chath Ghallipoli agus stair fheachtas na Gaeilge.

Sa Bhíobla, Deotranaimí 12:23, deir dlí Dé "Déan deimhin de nach gcaithfidh tú an fhuil, óir an fhuil an t-anam, agus ná caith an t-anam leis an bhfeoil." An bheatha atá san fhuil. Nuair a doirtear fuil, doirtear amach an bheatha. I gcás na nGaeilge, dá mó a leantar leis na polasaithe seanchaite, is amhlaidh gur lú beatha na teanga. Dá fhuiltí is fearr, dar le daoine áirithe, is cosúil, cé nach naimhde don teanga

amach is amach iad. Cé acu is measa - naimhde fíochmhara, nó droch-cheannairí ar d’arm féin? Cé acu a dhéanann an dochar is mó?

Tá léirmheas ar leabhar filíochta le Philip Cummings san eagrán seo, maraon le roinnt dánta as an leabhar. Blianta ó shin (an gcreidfeá?) bhí sé ina eagarthóir ealaíne ar Lá Nua. Scríobh mé cúpla léirmheas dó ag an am sin. Bhí sé de mhisneach aige a leabhar a chur faoi mo bhráid agus bhí mé an-sásta gur smaoinigh sé orm agus ar An Gael. Agus bhí lán a fhios aige go raibh sé ag siúl isteach sa bhearna bhaol. Mar, a mhalairt leis an móramh de léirmheastóirí na Gaeilge, creidim nach bhfuil sé ceart talamh slán a dhéanamh de go mbíonn gach rud a scríobhtar as Gaeilge go hiontach mar gheall air sin. Creidim go bhfuil sé tábhachtach maitheas agus olcas gach leabhair a aithint mar leabhar, beag beann ar an teanga de, agus chun a bheith ionraic faoina bhfuil go maith agus faoina bhfuil lag, agus fíormheas a dhéanamh ar gach saothar. Ní grádaítear saothar Gaeilge ar an gcuair.

Bíonn gach leabhar mar pháiste ag a údar, agus gach údar mar mháthair béir, agus is fearr liom i gcónaí bheith dearfach. Déanaim gach iarracht a bheith cothrom, agus is cinnte go mbeadh tuairimí eile ag léitheoirí eile. Uaireanta, ámh, is fuilteach é machaire an áir! Is file maith é Cummings, ná bíodh an iomarca imní ort. Ach níl a leabharsa, ná aon leabhar, foirfe, fiú más as Gaeilge é. Go ndéana sé a mhaith dúinn ár gcuid tuairimí a phlé, fiú chun troda, más gá - dá fhuiltí is fearr...

Minic go leor, is maith linn scéalta a bhaineann leis an bhforéigean, mar bíonn siad spreagúil. Bítear ag súil, ámh, nach spreagann siad éinne chun aithris a dhéanamh orthu. Is fearr linn fuil nuair nach mbíonn ach citseap nó síoróip sheacláide ann le fírinne. Doirtear an iomarca fola sa saol seo gan dabht. Baineann *Tine san lúntlainn* le foréigean, mar shampla. Cé gur ficsean atá ann, tá an scéal seo bunaithe ar an saol mar atá faoi láthair san Fhionlainn agus san Eoraip i gcoitinne. Má thugtar faoi ndeara na

fadhanna seo, fiú más mar gheall ar úrscéal a dhéantar, seans go mbeifí ní ba mheabhraí maidir le feachtais agus meonta áirithe. Bíodh an t-úrscéal lán d'fhuil ionas nach amhlaidh a bheidh an saol.

Bíonn an bheatha san fhuil, agus bíonn an bheatha san fhilíocht chomh maith. Tá samplaí go leor eile againn, mar is ionduil, buíochas le hEoin Dunford, Bernard De Brún, Séamus Barra Ó Súilleabháin, Gabriel Rosenstock, srl. Nach deas an slua é sin!

Creideann Críostaithe nach bhfuil aon tslánú ann gan doirteadh fola. Roimh Chríost, bhíodh íobairtí fuilteacha á ndéanamh ag na hIsraeilítigh. Bhíodh sé mar an gcéanna lena gcomharsana, ach bhíodh sé de nós ní ba mhinice acusan daoine a mharú. Rinne ár sinsear féin amhlaidh. Tá fuil ar lámha sinsear go leor de gach duine againn, le fírinne. Gan trácht ar an gcogaíocht a bhíodh de shíor ann sa tsean-aimsir, agus a bhíonn ann fós uaireanta, agus a bheidh againn go deireadh an tsaol,

faraor. Ní miste linn na scéalta go léir a chloisteáil. Ach dá fhuiltí is a bheidís, is fearr dúinn-ne go mbeidís san am a chuaigh thart. Nó i ríocht na samhlaíochta amháin, fiú.

Bíonn foréigean agus fuil sna healaíona, fiú sa cheol. Ach i measc na n-amhrán fuilteacha go léir, bíonn amhráin na síochána chomh maith, agus díríonn Lugh De Paor ar chumadóir ceoil, aralt na síochána agus an dea-scéil, a bhronn cúig cinn déag dá leithéid orainn, ina cholún *Fonn an Phiobaire*. Cumadóir Meiriceánach ab ea é - ach an chéad thaifead dá chuid amhrán san Eoraip, rinne Cór Aireagail Chorcaí é, de réir dealraimh, agus seans gur chuala tú sin. Murab amhlaidh, bain triail as youtube agus gheobhaidh tú samplaí go leor. Más fearr leat na cinn fuilteacha, bíonn a leithéid sin ar youtube i gcónaí freisin, dar ndóigh... bíonn fiú mórán fiseán as Gaeilge ann (lorg “Físeáin as Gaeilge”, nó fiú “Gaeilge JamusN”)

Go raibh an tsíocháin linn. Agus scéalta maithe.

